


Treoracha chun aonad Clilstore a dhéanamh

Céimeanna tosaigh

Léiríonn na treoracha céim ar chéim seo an tslí le haonad ar-líne a dhéanamh a bhfuil físeán agus téacs ann ina bhfuil nasc idir gach uile fhocal agus sraith foclóirí ar-líne. Tá teacht ar an aonad seo ag <http://multidict.net/cs/376>.




rá gur ulpóg ba ghnáth linn a thabhairt ar fliú *you know* sa tuaisceart ar scor ar bith. Agus ...
 fliú na muc seo atá i gceist againn anois ní raibh cás ar bith ann de go dtí dhá mhíle is a naoi,
 agus tharla cásanna i Meicsiceo, agus bhí siad ag coimhead air agus spreigh sé uaidh sin go
 Meiricea agus bhí cásanna i dtíortha eile go dtí gur shroich sé an tír seo tamall de mhíonna
 ina dhiaidh sin agus ag pointe amháin go gairid ina dhiaidh sin dúirt an Eagraíocht Sláinte
 Domhanda gur eipidéim a bhí ann, is ionann **eipidéim** agus galar atá in chor a bheith gach tír
 agus dé ghnáth bíonn sé marfach ach insan chás seo bhí iontas ar gach duine mar ní raibh
 fliú na muc ró-mharfach ar chor ar bith, gidh go bhfuair cuid mhaith daoine é, ní bhfuair
 mórán daoine bás, fuair cuid daoine bás cinnte. I dTuaisceart Éireann, sna Sé Chontae ag an
 am sin fuair naonar déag bás, agus a fhad agus atáimid ag caint anois eadrainn tá naonar
 déag marbh go díreach faoi láthair, agus is dócha go rachaidh sin suas le tamall.

eipidéim
 eipideirm, eipistéim, eipicidéim, eisideirm, epiderm
Torthaí beachta - Exact matches (1)
eipidéim *bain2*
 ■ **Táimhéalach** - Agriculture - State - History
 ■ **aicid** *bain2* **thorlata** *dímhata/superseeded*
 epidemic s
 A go dtí an barr - to the top
Táimhéalach - Related terms (1)
ospidéal *fir1* **eipidéimí**
 ■ **fíoch** - see: ospidéal aicidí
 A go dtí an barr - to the top
 Sonraí téarmaíochta: © 2011 Fóras na Gaeilge
 Réiteach teicniúil: © 2011 Fiontar, DCU

Fíor 1. Aonad 376 agus an focal “eipidéim” clliceáilte.

Téigh chuig <http://multidict.net/clilstore> agus clliceáil ar “register”.




Clilstore - Teaching units for Content and Language Integrated Learning
 Login or **register** if you wish to create and edit pages.
 Include test units Include optional columns

ID	Owner	Lang	Level	Title	Text or Summary
		ga	min.	contains	contains
			max.		
419	malachyo	ga	C1	An Ghaeilge i nDoire	
376	CÓD	ga	B1	Fliú na Muc	
340	gearoidin	ga	B1	mo bhealach féin	
291	CÓD	ga	B1	Cúrsa Gaeltachta	
290	CÓD	ga	B2	Tithíocht agus Pleanáil sa Ghaeltacht	
264	CÓD	ga		Léamhthuisct ag Ard-Leibhéal 2	
263	CÓD	ga		Léamhthuisct ag Ard-Leibhéal	
230	CÓD	ga		Éire agus Alba 1	
229	CÓD	ga		Cúrsaí Léinn - An Mac Léinn sa Tríú Bliain	
200	nialcomer	ga		The Devil's Coachroad	
185	nialcomer	ga		Aonach Oilbre	
178	nialcomer	ga		Spórt an Gheimhridh in Éirinn	
175	CÓD	ga		Greann na Gaeltachta 1	

Fíor2: Leathanach tosaigh Clilstore.

Ní mór ainm úsáideora agus pasfhocal a roghnú anois agus d'ainm, sloinne agus seoladh ríomhphoist a sholáthar.



Register a new userid

UserID: At least three characters long, preferably more

Password:

Password: Reenter password

Full name:

Email:



Fíor3: Leathanach cláraithe Cilistore

Is féidir na sonraí seo a úsáid chun logáil isteach anois.



Login to Cilistore

Userid: Case dependent


Password:

(Or else [register](#) a new userid)



Fíor 4: Logáil Isteach

I ndiaidh duit logáil isteach is féidir aonaid nua a chruthú nó eagarthóireacht a dhéanamh ar aonaid reatha (is féidir aonaid nach bhfuil de dhíth níos mó a scríosadh fosta).



Cilistore - Teaching units for Content and Language Integrated Learning


Logged in as C0D

Include test units by other authors Include optional columns

id	Owner	Lang	Level	Title	Text or Summary
		ga	min.	contains	contains
			max.		<input type="button" value="Filter"/> <input type="button" value="Reset"/>
419	malachyo	ga	C1	An Ghaeilge i nDoire	
376	C0D	ga	B1	Ilúthas MUC	Feidhmeanna eagarthóireachta
340	gearoidin	ga	B1	mo bhealach féin	
291	C0D	ga	B1	Cúrsa Gaeltachta	
290	C0D	ga	B2	Tithíocht agus Pleanáil sa Ghaeltacht	

Fíor 5: Leathanach baile na n-údar

I ndiadh duit cliceáil ar ‘Create a unit’ feicfidh tú an leathanach thíos.




The screenshot shows a form titled 'New Cllstore page' with the following fields and annotations:

- (1)** Title input field.
- (2)** Float dropdown menu for the 'Embed code for video or picture (if any)' field.
- (3)** Input field for the 'Embed code for video or picture (if any)'.
- (4)** Checkboxes for text formatting options: 'Either plaintext with blank lines between paragraphs (tick to preserve line breaks at ends of lines)' and 'Or else entirely in html'.
- (5)** Large text area for the main content.
- (6)** Input field for 'Link (url or cllstore page number)' in the 'Link buttons' section.
- (7)** Language code dropdown menu.
- (8)** Learner level dropdown menu (options: CEFR, Unspecified, A1, A2, B1, B2, C1, C2).
- (9)** Summary text area (1000 character maximum).
- (10)** Language notes text area (1000 character maximum).
- (11)** Checkboxes for 'Tick if this is still just a test unit, not a production unit'.
- (12)** Owner field with a 'COD' dropdown and a checkbox for 'I am the author of the text and material / or I have permission to use the text and material'.
- (13)** Publish button.

Fíor 6: Ag cruthú aonaid le físeán agus téacs.

Tá réimsí éagsúla le comhlánú agus roghanna éagsúla le déanamh ar an leathanach thuas. Téann na treoracha a leanas tríothu ón bharr.

- (1) Title:** Ceap teideal cúí don aonad – léireofar seo san innéacs (Fíor 2)
- (2) Embed Code > “Float”:** Is féidir an téacs a lonnú taobh leis an fhíseán/íomhá (ar chlé/ar dheis) nó thíos faoi.
- (3) Embed Code for video or picture:** Chun físeán nó comhad fuaime a leabú ó Youtube.com, TED.COM, Vimeo.com, Flickr.com, srl. ní mór an rogha “Share” nó “Embed” a aimsiú agus ansin an cód leabaithe (a bhfuil cuma cód HTML air) a chíoipeáil agus a ghreamú sa réimse seo (féach sampla ó YouTube thíos - Fíor 7).



Fíor 7: Físeán ó chartlann Nuacht 24 ar YouTube agus na roghanna leabaithe aibhsithe.

(4) Text: Tabhair faoi deara gur chóir spás líne a fhágáil idir ailt le go mbeidh cuma shlachtmhar ar an téacs. NB. Nuair atá tú ag plé le dán nó amhrán is féidir tic a chur sa bhosca seo (4) agus caomhnófar na ranna.

(5)Text: Ba chóir téacs réasúnta fada nó téipscrip a ghreamú anseo óir níl feidhm leis na foclóirí ar-líne gan téacs. Má tá an t-adh ort físeán/nó comhad fuaime + téipscrip a bheith ar fáil duit cheana féin níl le déanamh anseo ach an téacs a ghreamú agus eagar a chur air. Nó go deimhin d'fhéadfá tú féin a thairfeadh nó a scannánú ag léamh téacs, an tairfeadh a chur ar líne agus nasc a dhéanamh chuige (féach réimse (3) thuas). Tá roinnt suíomhanna idirlín ann a chuireann idir fhíseáin agus théipscripteanna ar fáil msh. www.ted.com.

(6) Link buttons: Is féidir URLanna chuig suíomhanna nó leathanaigh eile idirlín (msh. cleachtaí Hot Potatoes nó Suirbhéanna leictreonacha) a chuireann leis an aonad a bhreacadh anseo. Ceap lipéad sa réimse uaine dar teideal "Button text" agus greamaigh an seoldadh idirlín ina iomláine sa réimse dar teideal "Link". NB. dá mba mhian leat na focail ar fad sna leathanaigh bhreise seo a nascadh leis na foclóirí ar-líne ní mór tic a chur sa bhosca dar teideal "WL" (tabhair faoi deara áfach go bhfuil roinnt suíomhanna idirlín ann nach mbreathnaíonn go maith i Wordlink, ní mór tástáil a dhéanamh ar na leathanaigh breise seo ón aonad críochnaithe agus an tic a bhaint má tá droch-chuma air i Wordlink).

Button text	WL	Link (url or clilstore page number)
TOOLS Website	<input checked="" type="checkbox"/>	http://languages.dk/tools

Fíor8: Ag déanamh cnaipe chuig suíomh idirín TOOLS mar a mbeidh nasc idir na focail ar fad agus foclóirí ar-líne.

(7) Language Code: Caithfear an giorrúchan idirnaisiúnta do theanga an téacs a bhreacadh anseo. Tá seo de dhíth le go mbeidh Clilstore in ann na foclóirí cearta a aimsiú m.sh. is é GA an giorrúchan don Ghaeilge. (Mura bhfuil tú cinnte faoin ghiorrúchan is féidir é a sheiceáil trí dhul chuig <http://multidict.net/multidict/> agus an liosta anuas sa réimse ‘from’ a roghnú).

(8) Learner level: Is féidir meastachán a dhéanamh anseo ar an leibhéal cumais atá de dhíth ar an fhoghlaimeoir chun tairbhe a bhaint as an aonad. Tá na leibhéil seo bunaithe ar an Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha (Féach: http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/cadre_en.asp).

(9) Summary: Tabhair achoimre ar ábhar an aonaid anseo, is féidir eochairfhocail a lua chomh maith. Beidh rochtain ag innill chuardaigh ar nós Google ar an achoimre seo.

(10) Language notes: Is féidir an spás seo a úsáid chun moltaí ar bith a bheadh agat d’úsáideoirí an aonaid (múinteoirí nó foghlaimeoirí), msh. comhthéacs teanga nó moltaí faoi réamhobair ar bith ba chóir a dhéanamh.

(11) Tick if this is still just a test unit: Cuir tic anseo más amhlaidh gur mhaith leat an t-aonad a thosú agus a shábháil sula bhfuil sé críochnaithe, nó má tá tú ag iarraidh triail a bhaint as feidhmeanna Clilstore. Ná déan dearmad aonaid thrialacha a scríosadh nuair atá tú réidh leo.

(12) Owner: Ní mór tic a chur sa bhosca seo le dearbhú go bhfuil cead agat bunábhar an aonaid a úsáid.


(13) Publish: Cliceáil anseo chun d’aonad nua a roinnt le comhghleacaithe ar fud an domhain ☺

Sin é! Tá uimhir speisialta ag d’aonad anois msh. 376. Ciallaíonn sé seo gurb ionann seoladh idirlín d’aonaid agus <http://multidict.net/cs/376> (i.e. ní bheidh sa difear ach an uimhir).

Ardfheidhmeanna

Nuair atá aonad cruthaithe agat is féidir filleadh agus eagarthóireacht a dhéanamh air msh. tuilleadh nasc chuig leathanaigh seachtracha nó aonaid ghaolmhara a chur isteach (réimse (6) thuas).

Tabhair faoi deara go bhfuil an téacs formáidithe mar HTML. Tosaíonn gach alt le <p> agus críochnaíonn sé le </p>, bí cúramach gan iad seo a scríosadh de thaisme. Más mian leat alt nua a chur isteach ná déan dearmad tosú le <p> agus críochnú le </p>. Tá péirí clibeanna mar seo furasta go leor a láimhseáil, msh. chun téacs a chur sa chló iodálach cuir <i> agus </i> thart air, nó sa chló trom agus .



Language code

Learner level (CEFR) Unspecified OA1 OA2 OB1 OB2 OC1 OC2 Threshold (harder side)


Summary: (1000 character maximum)
 Fléitear Flú na Muc anseo agus dea-chleachtas maidir le sláinte poiblí a chosaint. This unit deals with the Swine Flu epidemic and in it a GP gives advice on best practice with regard to preventing the spread of the virus as well as treatments for those who are unlucky enough to contract it.

Language notes: (1000 character maximum)
 Cé go mbaineann teanga an phiosa seo le sainréimse eolais, minitear an téarmaíocht i gcombhéacs agus baineann dbaoh an phiosa leis an phobal i gcoitinne.

Tick if this is still just a test unit, not a production unit
 Owner: I am the author of the text and material / or I have permission to use the text and material

Fíor 9: Leathanach eagarthóireachta aonad Cillstore.

Dá mba mhian leat grianghraf ó Flickr.com a chur isteach idir dhá alt ní mór cliceáil ar “share” agus “Grab the HTML/BBCode”.



Share this via...
 Grab the link
 Grab the HTML/BBCode
 Copy and paste the code below:

```
<a href="http://www.flickr.com/photos/46931275@N04/4931825300/" title="Hoom 2008 by pools-2, on Flickr"></a>
```

Medium 500 (500 x 333)
 HTML BBCode
 Photo license: © All Rights Reserved

Fíor 10: Cód leabaithe Flickr.

Is féidir an cód leabaithe (agus dá réir sin an grianghraf) a ghreamú i réimse an théacs, a fhad is go bhfuil sé idir <p> agus </p>.

D'fhéadfaí an dara físeán nó comhad fuaime a leabú san aonad ar an tslí chéanna.

Mura bhfuil tú sásta le do théacs agus más fearr leat tosú as an úr, is dócha gur fusa aonad nua a chruthú agus an seancheann a scriosadh.

Fógra Tábhachtach

Tá na treoracha seo ag teacht le Clilstore faoi mar a bhí i Meán Fómhair 2012. Déanfar na treoracha seo a uasdhátú go rialta i rith 2013 (nó roimhe) nuair a chuirfear físeáin taispeána ar fáil chomh maith chun tacú leo.

Má mhothaíonn tú earráidí de chineál ar bith i Clilstore nó má tá moltaí ar bith agat déan teagmháil le Caoimhín Ó Donnaíle: caoimhin@smo.uhi.ac.uk

Naisc Úsáideacha

Na suíomhanna éagsúla a bhaineann le TOOLS

- Clilstore: <http://multidict.net/clilstore>
- Multidict: <http://multidict.net/multidict>
- Wordlink: <http://multidict.net/wordlink>
- Suíomh Idirlín Tools: <http://languages.dk/tools/index.htm>
- Tools ar Facebook: <http://www.facebook.com/tools4clil>
- Blog Tools: <http://tools4clil.wordpress.com/>
- Tools ar Twitter: <https://twitter.com/tools4clil>

Áiseanna

- TED (Technology, Entertainment, Design) +900 físeán, cuid mhaith acu le téipscripteanna: <http://www.ted.com/>
- Vimeo, cartlann agus stóras d'fhíseáin: <http://vimeo.com/>
- Youtube, cartlann agus stóras d'fhíseáin: <http://www.youtube.com/>
- Ipadio, cartlann agus stóras do chomhaid fuaime: <http://ipadio.com/>
- Videojug, cartlann d'fhíseáin <http://www.videojug.com/>

Tá TOOLS a mhaoiniú le cabhair ón Choimisiún Eorpach. Léiríonn an cháipéis seo tuairimí na -údar amháin agus ní féidir an Coimisiún a dhéanamh freagrach as aon úsáid a bhainfí as an bhfaisnéis atá inti.